C/2025/1605

10.3.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1605)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Jumilla'

PDO-ES-A0109-AM07

Dáta na teachtaireachta: 31 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. CINEÁL NUA D'FHÍON GEAL A CHUIMSIÚ

Tuairisc

Tá 'Jumilla Monastrell' curtha leis na fíonta geala, ar fíon é lena ngabhann na paraiméadair anailíseacha chéanna leis na fíonta geala eile.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.a den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Cuirtear isteach i leasú eile an rogha fíonta geala a tháirgeadh ó fhíonchaora dearga (*blanc de noirs*). Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir leis na fíonta geala a dhéantar as an gcineál fíniúna Monastrell, ar féidir 'Jumilla Monastrell' a thabhairt air go loighciúil.

2. ÍSLIÚ AR ROINNT TEORAINNEACHA MAIDIR LEIS AN NEART ALCÓIL IARBHÍR

Tuairisc

Athraíodh an neart alcóil iarbhír íosta mar a leanas:

— i gcás fhíonta dearga 'Jumilla Monastrell', íslíodh ó 12,5 % go 12 % é, agus i gcás na bhfíonta *rosé*, íslíodh ó 12 % go 11 % é;

— i gcás fhíonta *rosé* 'Jumilla', íslíodh ó 11,5 % go 11 % é, agus i gcás na bhfíonta geala íslíodh ó 11 % go 10 % é;

— i gcás fhíonta geala 'Jumilla Dulce', íslíodh ó 11 % go 10 % é.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.a den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is i dtreo fíonta ag a bhfuil neart alcóil is ísle atá an treocht i measc tomhaltóirí. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an neart íosta ceadaithe chun éileamh an mhargaidh a shásamh.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. AN TEORAINN MAIDIR LEIS AN AIGÉADACHT LUAINEACH BAINTE

Tuairisc

Baineadh na teorainneacha sonracha maidir leis an aigéadacht luaineach i gcás gach cineál fíona. Ina ionad sin, luadh go mbeidh an teorainn i gcomhréir anois le forálacha reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm maidir le fíon. Is é sin le rá, i dtéarmaí ginearálta, tá athrú déanta ó 13,3 go 18 nó 20 meq/l mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.a den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Cinneadh gan an paraiméadar sin a dhéanamh níos déine ná na forálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid C, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 a mhéid a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha, ós rud é go bhfuil an cháilíocht is gá san fhíon á ráthú fós leis na teorainneacha ginearálta sin i ndlí an Aontais.

4. FOCLAÍOCHT NUA AR THUAIRISCÍ ORGÁNAILEIPTEACHA

Tuairisc

Tá an tuairisc orgánaileipteach tugtha cothrom le dáta agus cuirtear i láthair í i bhfoirm tábla ar mhaithe le tuilleadh soiléire.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.b den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Mheas an painéal blaiste gurbh iomchuí tuairisc chéadfach na bhfíonta ag a bhfuil ATFC Jumilla a thabhairt cothrom le dáta. Is é is aidhm don mhéid sin dul in oiriúint do réaltacht na modhanna táirgeachta, ní aidhm dó an cháilíocht is gá a laghdú ach coigeartú do threochtaí reatha san earnáil.

5. LEIBHÉAL ÍOSTA (SIÚCRA) BAINTE I LEITH NA BHFÍONCHAOR

Tuairisc

Baineadh an gceanglas maidir le leibhéal íosta [siúcra arna shloinneadh i gcéimeanna Baumé] a bheith i bhfíonchaora.

Déanann an leasú sin difear do phointe 3.b. den tsonraíocht táirge agus do phointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Maidir le saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha sonracha na bhfíonta, ráthaítear iad cheana féin leis na teorainneacha agus leis na tuairiscí a leagtar amach i bpointe 2 den tsonraíocht táirge. Dá bhrí sin, ní gá rialacha a leagan síos maidir leis an bparaiméadar ar leith sin i leith fíonchaor.

6. SRIANTA NUA MAIDIR LE FÍONÓIREACHT

Tuairisc

Tugadh srianta isteach a bhaineann le fíonóireacht, ar srianta iad lena leagtar síos céatadán na gcineálacha fíniúna éagsúla a úsáidtear de réir an chineáil fíona. Go sonrach, tá fíonta *blanc de noirs* tugtha isteach, ar fíonta iad a dhéantar go hiomlán agus go heisiach as na cineálacha dearga údaraithe.

Leasaíodh pointe 3 den tsonraíocht agus pointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is é is aidhm don mhéid sin, soiléiriú a thabhairt maidir leis na coinníollacha chun fíonta geala, *rosé* agus dearga a tháirgeadh as na cineálacha fíniúna a údaraítear sa tsonraíocht táirge.

7. SONRAÍ ATÁ TUGTHA COTHROM LE DÁTA

Tuairisc

I roinn (b) den nasc, leasaíodh an abairt 'Úsáidtear os cionn 85 % d'fhíonghoirt ag a bhfuil ATFC "Jumilla" chun fíonchaora den chineál Monastrell a fhás'. Tá an figiúr '70 %' curtha in ionad '85 %' anois.

Baineann an leasú sin le Roinn 7.b den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is deis é an leasú ar an tsonraíocht chun an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an limistéar ina bhfuil fíniúnacha Monastrell mar chion de limistéar iomlán fhíonghoirt ATFC Jumilla.

8. TÉARMAÍ NUA LIPÉADAITHE

Tuairisc

Tá rialacha tugtha isteach maidir le téarmaí lipéadaithe: 'Pie franco' [fíniúnacha neamhbheangaithe] agus 'Viña vieja' [seanfhíniúnacha].

Baineann an leasú sin le pointe 8.b.v den tsonraíocht táirge agus le pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is é is aidhm don mhéid sin, na téarmaí sin a úsáid chun oidhreacht uathúil ATFC Jumilla a chosaint agus chun iomaíocht éagórach idir fíonghoirt agus mearbhall ar thomhaltóirí a sheachaint.

Seanfhíniúnacha atá in os cionn 20 % d'achar dromchla iomlán fhíonghoirt ATFC Jumilla, is é sin fíniúnacha atá níos sine ná 30 bliain d'aois. Is fíniúnacha Monastrell atá i dtromlach (90 %) na seanfhíniúnacha. Meastar gur fíniúnacha neamhbheangaithe iad an chuid is mó de na seanfhíniúnacha sin (1 000 heicteár ar a laghad). As measc na bhfíniúnacha neamhbheangaithe, is fíniúnacha Monastrell 89 % díobh, fíniúnacha Airén 6 % díobh agus Garnacha Tintorera 3 % díobh.

A bhuí leis an oidhreacht sin, tá an-bhithéagsúlacht ghéiniteach ann, rud atá an-fhóinteach i gcomhthéacs an athraithe aeráide, agus tá tipiciúlacht agus ardcháilíocht le fáil sna fíonta a dhéantar ó na fíniúnacha sin. Ar an drochuair, tá an oidhreacht chéanna sin i mbaol dul i ndísc.

In 2019, bhí 23 180 heicteár cumhdaithe le ATFC Jumilla. Le 5 bliana anuas, grafadh 5 465,83 díobh i.e. 23,5 %. As measc na bhfíniúnacha a grafadh, is fíniúnacha neamhuiscithe a treoraíodh ina gcuacha a bhí i dtimpeall 75 % díobh; fíniúnacha Monastrell neamhuiscithe a treoraíodh ina gcuacha a bhí in 70 % díobh; agus seanfhíniúnacha (os cionn 30 bliain d'aois) Monastrell neamhuiscithe a treoraíodh ina gcuacha a bhí in 40-50 % díobh. I mbardas Jumilla, 50 % a bhí i gceist.

9. SEICEÁLACHA FEABHSAITHE

Tuairisc

Rinneadh seiceálacha doiciméadacha cheana féin ar na dearbhuithe éigeantacha buana bliantúla i gcás na saothróirí fíniúna uile, agus i gcás choinsíneachtaí na bhfíonchaor a fuarthas sna fíonlanna táirgeora, chun méideanna táirgeachta fíonchaor a shuí i leith gach dáileachta. Tá na seiceálacha sin leathnaithe anois chun fodháileachtaí nó ceapacha a chumhdach, i gcomhréir le bunachar sonraí an Bhoird Rialála.

Baineann an leasú sin le Roinn 9.b den tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is feabhas é sin ar na seiceálacha maidir le comhlíontacht leis na táirgeachtaí uasta fíonchaor.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Jumilla

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala (Jumilla Monastrell, Jumilla agus Jumilla Dulce)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: dath idir gloiní agus tópás. Gléineach. Dea-bholadh: torthaí geala (torthaí dearga i gcás fíonta *blanc de noirs*). D'fhéadfadh blasanna torthaí triomaithe a bheith ar na fíonta milse. Sa bhéal: cothromaíocht idir aigéadacht agus milseacht. Sna fíonta milse, is treise an mhilseacht ná an aigéadacht.

* Ceanglais anailíseacha nach bhfuil sa tábla, tá siad i gcomhréir le reachtaíocht fíona an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta rosé (Jumilla agus Jumilla Monastrell)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: dath idir caordhearg agus dath chraiceann an oinniúin. Gléineach. Dea-bholadh: torthaí dearga. D'fhéadfadh blasanna torthaí triomaithe a bheith ar na fíonta milse. Sa bhéal: aigéadacht chothrom. Sna fíonta milse, is treise an mhilseacht ná an aigéadacht.

* Ceanglais anailíseacha nach bhfuil sa tábla, tá siad i gcomhréir le reachtaíocht fíona an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíonta rosé (Jumilla Dulce)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: dath idir caordhearg agus dath chraiceann an oinniúin. Gléineach. Dea-bholadh: torthaí dearga. D'fhéadfadh blasanna torthaí triomaithe a bheith ar na fíonta milse. Sa bhéal: aigéadacht chothrom. Sna fíonta milse, is treise an mhilseacht ná an aigéadacht.

* Ceanglais anailíseacha nach bhfuil sa tábla, tá siad i gcomhréir le reachtaíocht fíona an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11.5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíonta dearga (Jumilla Monastrell, Jumilla agus Jumilla Dulce)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: dath idir vialait-ghorm agus donnrua, d'fhéadfadh imir ócair teacht ar fhíonta milse. Gléineach. Dea-bholadh: torthaí dearga. Torthaí dubha. Tá blasanna torthaí triomaithe ar na fíonta milse. Sa bhéal: aigéadacht chothrom. Tainneach. Sna fíonta milse, is treise an mhilseacht ná an aigéadacht.

* Ceanglais anailíseacha nach bhfuil sa tábla, tá siad i gcomhréir le reachtaíocht fíona an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíonta licéir (Tinto Monastrell)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: dath idir vialait-ghorm agus ócar. Gléineach. Dea-bholadh: torthaí dubha. Torthaí triomaithe. Sa bhéal: tá an mhilseacht níos treise ná an aigéadacht. Tainneach.

* Ceanglais anailíseacha nach bhfuil sa tábla, tá siad i gcomhréir le reachtaíocht fíona an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. An modh saothraithe

Fíonghoirt a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Jumilla', is féidir dóibh a bheith faoi réir modhanna saothraithe fhairsing nó modhanna diansaothraithe.

— Saothrú fairsing: le haghaidh fíonghoirt ina bhfuil na paraiméadair thalmhaíochta seo a leanas á gcomhlíonadh ag an dlús plandaithe ar chúiseanna tír-raoin, airde, báistí agus tosca comhshaoil eile: líon uasta 1 900 planda in aghaidh an heicteáir agus líon íosta 1 100 planda in aghaidh an heicteáir.

— Diansaothrú: le haghaidh fíonghoirt a chomhlíonann na paraiméadair thalmhaíochta seo a leanas, de réir dálaí comhshaoil arís: dlús plandaithe idir 3 350 agus 1 500 planda in aghaidh an heicteáir.

2. Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Le linn an fháscaidh, bíonn an t-úrfhíon agus an fíon faoi réir brúnna as a dtagann táirgeacht uasta nach féidir, tar éis an chlaochlaithe, a bheith níos mó ná 74 lítear d'fhíon críochnaithe in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora.

Chun an próiseas aosaithe a ríomh, is é an chéad lá de mhí Dheireadh Fómhair de gach bliain a úsáidtear i gcomhair chéad-dáta an phróisis.

3. Srian ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Maidir le fíonta a chumhdaítear le ATFC Jumilla de na cineálacha Jumilla agus Jumilla Monastrell, ní mór an cion seo a leanas de chineálacha fíniúna údaraithe a chomhlíonadh, de réir an chineáil fíona:

— Fíonta dearga: ní mór 95 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear i ngach fíon a bheith ina bhfíonchaora de na cineálacha Monastrell, Garnacha Tintorera, Cencibel, Cabernet Sauvignon, Garnacha, Merlot, Syrah agus Petit Verdot.

— Fíonta *rosé*: ní mór 50 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear i ngach fíon a bheith ina bhfíonchaora de na cineálacha Monastrell, Garnacha Tintorera, Cencibel, Cabernet Sauvignon, Garnacha, Merlot, Syrah agus Petit Verdot.

— Fíonta geala: is féidir iad a dhéanamh ar dhá bhealach:

  — ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear i ngach fíon a bheith ina bhfíonchaora de na cineálacha Airén, Macabeo, Pedro Ximénez, Malvasía, Chardonnay, Sauvignon Blanc, Moscatel de grano menudo, Verdejo, Merseguera agus Viognier;

  — mar fhíonta *blanc de noirs*, iad déanta go hiomlán agus go heisiach as na cineálacha dearga údaraithe. Maidir le lipéadú na bhfíonta sin, ní mór an téarma 'Blanc de noirs' nó a choibhéis a bheith ann.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha dearga a shaothraítear go forleathan

5 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

37 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha geala a shaothraítear go forleathan

5 625 chileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

41,62 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Diansaothrú

8 750 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

64,75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

An limistéar táirgeachta le haghaidh fíonta a chumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Jumilla', cuimsíonn sé talamh atá suite laistigh de bhardais Jumilla, i gcúige Murcia, agus Fuentealamo, Albatana, Ontur, Hellín, Tobarra agus Montealegre del Castillo i gcúige Albacete.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

AIREN

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

MACABEO - VIURA

MALVASIA AROMÁTICA - MALVASÍA SITGES

MERLOT

MERSEGUERA

MONASTRELL

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PEDRO XIMENEZ

PETIT VERDOT

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO - CENCIBEL

VERDEJO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Is é Monastrell an fhíonchaor is tábhachtaí, ar cineál an-chrua é atá oiriúnaithe go foirfe do dhálaí garga an limistéir, gona thriomach, a shamhraí an-te agus sioc an earraigh. Táirgtear fíonta tathagacha, méithe leis, lán le halcól agus lena ngabhann aigéadacht agus dea-bholaithe an-sainiúil de thorthaí aibí mar aon le seirbhe atá comhtháite go maith.

Comhlíonann na cineálacha údaraithe eile Monastrell go foirfe, rud a chobhsaíonn an dath agus a fhágann aigéadacht agus acmhainn aosaithe ann, chomh maith leis na dea-bholaithe a chomhchuibhiú go foirfe.

8.2. *Fíonta licéir*

Déantar na fíonta sin as Monastrell, ar cineál a fhágann go mbíonn déine datha ar na fíonta céanna atá idir measartha agus an-ard, iad beagnach teimhneach seans, de thoradh na dteochtaí arda a bhaineann go sonrach leis an limistéar.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a bheith go feiceálach ar na lipéid, i gclófhoireann nach mór a bheith 3 mhilliméadar ar airde ar a laghad agus 20 milliméadar ar airde ar a mhéad. Ní mór an airde uasta sin a bheith níos lú ná méid an trádmhairc freisin.

Ní mór an t-ainm a bheith in aice leis na focail 'Denominación de Origen Protegida' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint] nó 'Denominación de Origen' [ainmniúchán tionscnaimh], focail nach mór a bheith i gclófhoireann 2 mhilliméadar ar airde ar a laghad, ach nach mór a bheith níos lú i gcónaí ná ainm an ATFC a ghabhann leis.

Tá na téarmaí 'Pie franco' agus 'Viña vieja' faoi réir rialacha lena n-áirithítear nach féidir iad a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

'PIE FRANCO': gur ó fhíniúnacha neamhbheangaithe a thagann 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh.

Déanfaidh an Bord Rialála fardal de na fíniúnacha sin a tharraingt suas bunaithe ar iarratais ó shaothróirí fíniúna agus/nó ó fhíonlanna. Déanfaidh saineolaithe an Bhoird na seiceálacha allamuigh is gá. Déanfar na hiarratais agus na seiceálacha allamuigh go bliantúil, laistigh de theorainn ama arna leagan síos ag an mBord Rialála.

'VIÑA VIEJA': gur ó fhíonghoirt atá 30 bliain d'aois ar a laghad a thagann 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh, aois nach mór cruthúnas doiciméadach a bheith ann ina leith ó chláir fíonghort.

Is féidir leis an gcomhlacht cigireachta na seiceálacha is gá a dhéanamh le linn iniúchtaí ar fhíonlanna nó i gcás ina meastar gur gá sin.

Toirmisctear aon fhoclaíocht, aon nath nó aon téarma a úsáid sa lipéadú, sa chur i láthair nó sa phoiblíocht a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go dtagann an fíon ó fhíniúnacha neamhbheangaithe nó ó sheanfhíniúnacha nuair is amhlaidh nach gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos maidir le húsáid na dtéarmaí sin.

Is iad na tagairtí eile a bheidh ann na tagairtí a leagtar síos sa reachtaíocht ghinearálta maidir le lipéadú fíona, agus sna rialacha agus sna rialacháin shonracha maidir le lipéadú a bhunaigh an Bord Rialála agus atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ní mór séalaí cáilíochta, lipéid thánaisteacha nó lipéid uimhrithe arna n-eisiúint ag an mBord Rialála a bheith sa phacáistíocht. Ní mór don fhíonlann iad sin a ghreamú agus ní mór dóibh a bheith infheicthe ar an bpacáistíocht ar bhealach a chuireann cosc ar a n-athúsáid.

Fíonta a iompar

Creat dlíthiúil

Le haghaidh eagraíocht a bhainistíonn ATFCanna/TGFCanna, nuair a dhéanann na Ballstáit foráil maidir leis sin.

Cineál an choinníll breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an fíon a phacáistiú go heisiach i saoráidí atá lonnaithe laistigh de limistéar táirgthe ATFC Jumilla.

Chun úsáid iomchuí an ATFC a áirithiú, ní mór na fíonta faoi chosaint uile a sheoladh sa phacáistíocht.

Táirgeadh na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh, ní hé deireadh an táirgthe sin ach a ndéantar fíon den úrfhíon trí choipeadh alcólach agus próisis bhreise eile, ní hé sin a dheireadh ach an pacáistiú. Ní mór a mheas gurb é sin an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, toisc go bhfuil cleachtais fhíoneolaíocha eile i gceist leis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, is iad sin: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach. Thairis sin, i roinnt mhaith cásanna, bíonn gá le tréimhse aosaithe i mbuidéil chun corr a chur ar iarbhlas an fhíona chríochnaithe. Anuas air sin, is léir go méadaítear an riosca go dtiocfadh athruithe ar an táirge trína iompar thar achair fhada nó ar feadh tréimhsí fada, athruithe amhail ocsaídiú nó athruithe teochta a dhéanann difear don cháilíocht. Dá bhrí sin, chun cáilíocht an fhíona a chaomhnú, is gá é a chur i mbuidéil laistigh de limistéar críochaithe an ATFC.

Ceapann údarás inniúil na Spáinne an comhlacht rialúcháin agus déanann an Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe é a chreidiúnú faoi ISO 17065 maidir le deimhniúchán táirgí. I gcás toirteanna builc a sheoltar chuig oibreoirí lasmuigh den limistéar críochaithe, ní féidir leis an gcomhlacht rialúcháin tionscnamh agus comhlíontacht le ATFC Jumilla a ráthú ach amháin chomh fada le pointe an tseolta. Ar chúiseanna lóistíochta agus costais, áfach, ní fhéadfaidh an comhlacht rialúcháin oibriú i dtíortha ceann scríbe nach ndéanann, sa chleachtas, na húdaráis náisiúnta inniúla rialuithe iontu ach oiread. Téann thart faoi 75 % de choinsíneachtaí i mbulc chuig tríú tíortha. Dá réir sin, ní bhíonn a fhios ag an gcomhlacht rialúcháin conas a chuirtear na fíonta sin ar an margadh. Is éard is eol dó nach dtaispeántar an lipéad tánaisteach ná an séala uimhrithe ar na buidéil mar a cheanglaítear toisc nach mbíonn iarrataí ina leith ó na hoibríochtaí buidéalúcháin. Ciallaíonn sin nár cheart oibríochtaí buidéalúcháin a bhaineann le ATFC Jumilla a bheith lasmuigh den limistéar críochaithe. Dá bhrí sin, chun an tionscnamh a ráthú agus chun an rialú a chosaint, is gá an fíon uile a chur i mbuidéil laistigh den limistéar críochaithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.mapa.gob.es/es/alimentacion/temas/calidad-diferenciada/dop-igp/htm/DOP_Jumilla.aspx